Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Cinnteoireacht Gnó

**[AT211]**

AT211

**DÉ LUAIN 17 BEALTAINE, IARNÓIN**

### AM

2 uair an chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach** ceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **5** agus i gCeist **6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

### COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh.

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Domino's Pizza**

Is é misean Domino's Pizza a bheith ar an chomhlacht seachadadh píotsa is fearr ar domhan. Is é an rann: "Díol Tuilleadh Píotsa, Bíodh Tuilleadh Spraoi Agat!" a cheoltar i siopaí, is fearr a dhéanann achoimriú ar a chultúr

Is iad seo na tosaíochtaí atá aige:
- na hoibrithe is fearr a earcú, a aithint agus a choinneáil
- bia ardchaighdeáin a sheachadadh in am go rialta
- cúram maith a thabhairt dá gcustaiméirí
- rudaí nua a thabhairt isteach ar mhaithe dá mbaill foirne agus dá gcustaiméirí
- íomhá ardchaighdeáin a chinntiú ina gcuid siopaí

Bhunaigh Tom Monaghan Domino's Pizza sna Stáit Aontaithe in 1960. Cionn is gur chuir Tom shaincheadú i bhfeidhm bhí daoine eile ábalta infheistiú lena gcuid siopaí Domino's Pizza féin a oscailt.

Faoi láthair tá 526 siopa Domino's Pizza san RA agus in Éirinn. Glacann sé tuairim is £240,000 le saincheadúnas Domino's Pizza a chur ar bun. Is minic a úsáideann saincheadúnaithe modh measúnaithe infheistithe amhail **Payback** agus Glanluach Láithreach (NPV) le tacú lena n-iarratas. Amanna eile úsáideann siad teicnicí mar anailís crann cinnteoireachta le cuidiú leo a chinntiú cé acu a infheisteoidh siad nó nach n-infheisteoidh nó cá háit a n-infheisteoidh siad. Meastar gurb é £100,000 sa bhliain an t-aisíoc a shaothróidh gach saincheadúnaí.

Tá an próiseas iarratais iontach dian agus daoine ardspreagtha a bhfuil ábaltacht gnó ó nádúr acu atá de dhíth ar Domino's Pizza. Próiseas deacair atá i gceist lena chinntiú cé na daoine is fóirsteanaí le saincheadúnas Domino's Pizza a fháil. Caithfidh plean maith gnó agus tacaíocht airgeadais a bheith ag na daoine sin ar mhaith leo saincheadúnas Domino's Pizza a fháil.

Tá rogha leathan bia ar bhiachlár Domino's Pizza. San áireamh anseo tá: píotsaí préimhe, dingeacha práta, sciatháin sicín, Vaiféil Domino, Brioscaí Domino agus Chicken Kickers™. Is iad Leátán Seacláide agus Sciatháin Sicín na roghanna is déanaí a cuireadh ar an bhiachlár.

Ag Domino's Pizza, geallann an lucht bainistíochta go soláthrófar rogha bia agus go gcuirfear chun cinn é. Tugann siad faisnéis shoiléir bheacht do na custaiméirí faoin bhia a dhíolann siad agus úsáideann siad na comhábhair is airde cailíocht ó sholáthraithe a bhfuil aithne acu orthu agus a bhfuil muinín acu astu. Tá an eagraíocht ar fad tiomanta don bhia a ullmhú de réir na gcaighdeán is airde. Tugann Domino's Pizza treoir ar ailléirgí agus tá a gcuid polasaithe dírithe ar ghrúpaí custaiméirí ar leith: ar dhaoine a bhfuil ailléirge cnó acu, ar veigeatóirí, ar mhná torracha nó orthu siúd a bhfuil aiste chothrom bia acu. Is de lámh, áfach, a ullmhaítear gach Piotsa Domino agus an chuid is mó de mhiasa ar an taobh. Chomh maith leis sin, tá polasaithe i bhfeidhm a íoslaghdóidh ar an chontúirt go n-éilleofar comhábhar agus an bia á ullmhú.

San am a chuaigh thart, bhí a lán comhlachtaí buailte ag imní faoi bhia agus, dá dheasca sin, bhí orthu plean teagmhasach a chur i dtreoir le dul i ngleic le mórcheist a d'éireodh. Ar na samplaí tá:

- McDonald's – bhí ruaim bhia a mhéadaigh ar bhaol ailse i maonáis mhustard Dijon agus san anlann Caesar (de ghnáthshaill).
- Cow and Gate – bhí orthu éirí as raon brioscaí do leanaí nuair a fuarthas amach go raibh saill hidriginithe iontu.
- Prêt A Manger – d'úsáid siad feoil reoite ón Bhrasaíl le ceapairí sicín úir a dhéanamh.

Tá uimhir teileafóin um sheirbhís do chustaiméirí ag Domino's Pizza is féidir le custaiméirí a úsáid le gearán a dhéanamh má tá siad míshásta ar dhóigh ar bith. Tá lucht bainistíochta Domino's Pizza ag iarraidh i gcónaí ullmhú do ghéarchéim ar bith a d'éireodh agus is dócha go ndéanfaidh siad pleanáil **theagmhasach** nuair is gá.

*Foinsí:*
*N:\case studies\BBC NEWS Health More food contaminated with dye.htm*
*http://www.dominos.uk.com/*
*http://www.dominos.uk.com/franchising/*
*http://www.dominos.uk.com/aboutus.aspx*
*http://www.takeafreshlook.co.uk/foodguide.htm*
*N:\case studies new\CBBC Newsround Printer Friendly Format.mht*
*N:\case studies\BBC NEWS England West Midlands Glass found in baby food.htm*
*http://www.telegraph.co.uk/foodanddrink/foodanddrinknews/6520889/Pret-a-Manger-faces-inquiry-over-frozen-chicken-labelled-as-fresh.html*
*N:\case studies\BBC NEWS UK Baby biscuits ditched over fats.htm*

Ní mór d'iarrthóirí **gach** ceist a fhreagairt.

1 **(a)** Agus tagairt a déanamh agat do Domino's Pizza, mínigh cad é a chiallaíonn **Payback** mar mhodh measúnaithe infheistithe. [2]

**(b)** Ríomh, ina blianta agus ina míonna, an tréimhse aisíoctha i gcás gnáth-shaincheadúnaí Domino's Pizza. [2]

2 Déan anailís ar an dóigh a rachadh **pleanáil theagmhasach** chun tairbhe do Domino's Pizza. [7]

3 Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí do Domino's Pizza as maitrís Bhostúin a bheith in úsáid ag an fhoireann bhainistíochta le cinntí a dhéanamh. [15]

4 Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí do ghnólacht amhail Domino's Pizza as Payback agus NPV a úsáid le hinfheistiú a mheas. [15]

5 Meas crann cinnteoireachta mar uirlis lena chinntiú cé acu a ligfear do shaincheadúnaí ceannach isteach sa saincheadúnas nó nach ligfear. [19]

6 Duine ar mhaith leis saincheadúnas Domino's Pizza a fháil, meas a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh sé plean gnó le chéile. [20]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.